**Eisirt**

Fadó, fadó, i bhfad roimh aimsir Chú Chulainn agus Chonchúir Mhic Neasa, bhí rí in Ulaidh agus Fearghus Mac Léide a bhí mar ainm air.

San am céanna san bhí rí eile ann, rí na Luchra agus na Luprachán, agus Iúdán a bhí mar ainm air sin. Bhí na Luchra agus na Lupracháin ana-bheag – na fir ba mhó ina measc, ní rabhadar ach cúig horlaí déag ar airde, ach bhí an rí Iúdán orlach glan níos airde ná an chuid eile acu. Fear ana-dhathúil ab ea é. Bhí gruaig chíordhubh air, ach bhí an chuid eile acu fionn.

Oíche áirithe bhí fleá agus féasta ag Iúdán agus bhí slua mór ag an bhfleá san. Bhí tréanfhear an rí ann. Ba é sin Glómhar Mac Glais, fear a bhí chomh láidir sin go bhféadfadh sé feochadán a leagadh le haon bhuille amháin dá chlaíomh. Ní raibh aon fhear eile i measc na Luchra agus na Luprachán a d'fhéadfadh a leithéid a dhéanamh. Gan dabht bhí bean an rí ann. Ba í sin Béabó, agus bhí an file ann chomh maith agus Eisirt ab ainm dósan.

Bhí an fhleá faoi lán tseoil agus gach éinne sásta nuair a d'éirigh an rí, Iúdán, chun cainte.

"A mhaithe agus a mhóruaisle" a dúirt sé, "an bhfacabhar riamh rí ab fhearr ná mise?"

"Ní fhacamar!" a d'fhreagair an slua ar fad d'aonghuth.

"An bhfacabhar riamh" arsa an rí Iúdán arís, 'tréanfhear chomh tréan, láidir le mo thréanfhearsa, Glómhar Mac Glais?' ar seisean.

"Ní fhacamar!" a d'fhreagair an slua arís.

"Ar mo leabhar," a dúirt an rí, "dá dtiocfadh naimhde an treo anocht féin, ba dheacair dóibh aon duine againn a bhreith leo mar nach bhfuil ar thalamh an domhain gaiscígh chomh cróga misniúil láidir leis na gaiscígh atá anso!"

Nuair a chuala an file, Eisirt, an chaint sin thosnaigh sé ag sciotaíl gháirí. Tháinig fearg ana-mhór ar Iúdán agus labhair sé le hEisirt.

"Cén chúis gháirí atá agatsa?"

"Ní fhéadfainn gan gáire a dhéanamh a rí uasail" arsa Eisirt, "mar tá a fhios agamsa cúige in Éirinn agus tá gaiscígh ann go dtabharfainn gaiscígh orthu. Mara dtiocfadh ach duine amháin acu anso ní éireodh lena bhfuil de ghaiscígh chróga anso é a shárú!"

Bhí an rí Iúdán ar buile ceart.


“Gabhtar an file!” a dúirt sé.

Rugadh ar Eisirt agus cuireadh ceangal na gcúig chaol air.

“A rí” arsa Eisirt, “díolfaidh tú go daor as mé a ghabháil mar seo. Tá an fhírinne ghlan inste agam. Tabharfaidh tú bliain agus lá mar phríosúnach in Eamhain Mhacha agus ní thiocfaidh tú abhaile chugainn gan an seod is luachmhaire agat a fhágaint ann. Díolfaidh mise as chomh maith mar beidh mé ag snámh i gcupa fíona agus gaiscígh na nUltach ag féachaint orm go mbeidh mé leathbháite! Agus, a rí uasail,” arsa Eisirt, “tabhair trí lá dom agus tabharfaidh mé an cruthú gur fíor an méid a dúirt mé.”

Ligeadh Eisirt saor agus ghléas sé é féin i gcomhair an turais go Eamhain Mhacha. Chuir sé air na héadaí ba dheise a bhí aige agus seo leis chun bóthair.

Nuair a shroich Eisirt Eamhain Mhacha bhí fleá mhór ar siúl ann agus maithe agus móruaisle na tíre ann. Chnag Eisirt ar dhoras Eamhain Mhacha agus tháinig an garda amach chuige. D’fhéach sé ar an bhfear beag bídeach agus iontas an domhain air. Bhí cuma chomh gléasta air agus é chomh bídeach san go raibh an féar ag teacht aníos thar na glúine aige. Rith sé isteach arís agus d’inis sé don rí, Fearghus Mac Léide, fén bhfirín beag a bhí ag an doras.



“Tá sé amuigh” ar seisean “an firín beag bídeach is gleoite dá bhfaca súil duine riamh. Níl sé thar cúig horlaí ar airde agus tá an féar ag teacht aníos thar na glúine aige!”

“Ná bí ag magadh chughainn” arsa Fearghus Mac Léide, “an iomarca den bhfíon atá ólta agat!”

“Ó, a rí,” arsa an garda “is fíor a bhfuil ráite agam!”

“An bhfuil sé chomh beag le hAodh?” arsa Fearghus Mac Léide.

Abhac ab ea Aodh agus ba é file na nUltach é. Bhí sé chomh beag san go dtugadh na gaiscígh thart ar a mbosa é.

“Tá sé chomh beag,” arsa an garda, ‘go dtabharfadh Aodh é seo thart ar a bhosa féin!”

“Tabhair isteach chugainn é más ea!” arsa Fearghus.

Dhein. Bhailigh na hUltaigh thart air agus iontas an domhain orthu. Thosnaigh Eisirt ag casachtach.


“A dhaoine móra” ar seisean, “tánn sibh dom phlúchadh leis an anáil bhréan atá agaibh!”

Bhog na gaiscígh amach uaidh agus níor fhan in aice leis ach an file Aodh.

“Cé tú féin, a fhir bhig?” arsa Fearghus.

“Is mise Eisirt, file na Luchra agus na Luprachán.”

“Tabhair bia agus deoch dó!” arsa Fearghus.



“Ní íosfaidh mé bhur mbia ná ní ólfaidh mé bhur ndeoch!” arsa Eisirt.

“Ólfaidh!” arsa Fearghus, agus rug sé ar Eisirt agus chaith sé isteach ina chupa fíona é.

Bhí Eisirt ag snámh thart sa chupa agus ba dhóbair go mbáfaí é. Tógadh amach as an gcupa ar deireadh é.

“Cad ina thaobh nach n-ólfá an deoch?” arsa Fearghus leis.

“Tá,” arsa Eisirt, “toisc nár cuireadh fáilte romham mar fhile!”

“A Eisirt, a fhile na Luchra agus na Luprachán,” arsa Fearghus, “tá fáilte romhat go hEamhain Mhacha.”

D’ith Eisirt a dhóthain agus d’ól sé a sháith, agus d’aithris sé dánta a chuir na hUltaigh fé dhraíocht, bhí siad chomh hálainn sin. Theastaigh ó fhile na nUltach, Aodh, dul ina theannta go tír na Luchra agus na Luprachán, agus thug Eisirt a chead san dó. Sin é an cruthú a bheadh ag Eisirt do Iúdán agus don gcuid eile gur labhair sé an fhírinne.

Chun scéal gearr a dhéanamh de scéal fada, d’fhill Eisirt abhaile agus an file, Aodh, lena chois. Cheap gach aon duine gur fathach a bhí in Aodh, ach dúirt Eisirt leo gurbh abhac a bhí ann i measc a mhuintire féin.

“Agus anois,” a dúirt sé leis an rí, Iúdán, “cuirim de gheasa ort dul go Eamhain Mhacha agus an leite atá á reiteach anois féin do rí na nUltach a bhlaiseadh sara n-éiríonn an rí féin ar maidin.”

Ní raibh aon dul as ag Iúdán. Bhí na geasa curtha air. Seo leis más ea, a bhean Béabó ina theannta, go hEamhain Mhacha. Isteach leis i ngan fhios agus chonaic sé

an corcán mór ina raibh leite an rí. Bhí an corcán chomh mór san gur chaith sé seasamh ar dhiallait a chapaill chun greim a fháil ar bhéal an chorcáin. Tharraing sé é féin in airde gur fhéach sé isteach sa chorcán, ach shleamhnaigh sé agus thit sé isteach sa leite. Bhí sé i sáinn mar nach bhféadfadh sé corraí.

D'éirigh muintir an tí agus chonacadar Iúdán sa leite agus Beabó ar an mbord. Tugadh an bheirt go dtí Fearghus Mac Léide. D'aithin Fearghus nárbh é Eisirt a bhí tagtha thar n-ais mar bhí an fear seo dubh san áit go raibh Eisirt fionn. Chuir sé an bheirt i bpríosún agus choimeád sé ann iad. Tar éis bliana agus lae tháinig gaiscígh na Luchra agus na Luprachán go hEamhain agus d'iarradar ar Fheargus a shaoirse a thabhairt do Iúdán agus do Bhéabó. Dhein, nuair a d'fhág Iúdán aige an seod ba luachmhaire dá raibh aige. Mhair siad go sona sásta ón lá san amach.

Agus sin é mo scéalsa, is má tá bréag ann bíodh. Ní mise a chum ná a cheap.